

Pictiúir Cainte, Seachtain 20: Pantar Dubh



'The Black Panther' (1935) Florencio Curian, dealbh cloiche

Pictiúir Cainte do Leanaí

Is acmhainn ar líne é Pictiúir Cainte (Talking Pictures) do leanaí agus na daoine fásta lena mbaineann atá bunaithe ar shaothar ealaíne ó Bhailiúchán Gailearaí Crawford. Déanfaimid leideanna cruthaitheacha a roinnt le haghaidh cainte agus súgartha sona gach Céadaoin.

Maidir leis an saothar

Seo dealbh cloiche dubh de phantar dubh, arna chruthú ag an ealaíontóir Florencio Curian. Féach cé chomh láidir agus a bhreathnaíonn an cat mór seo agus na matáin ag glioscarnach aige, a eireaball fada ag coimeád a chuid cothromaíochta dó, na cluasa ar ais agus an srón á ghobadh amach aige mar go bhfuil an aer á smúr aige, agus stalcaireacht á déanamh aige tríd an bhforaois ar thóir creiche.



Fíricí maidir leis an bPantar Dubh


Sé ‘Pantar Dubh’ an t-ainm a thugtar ar iaguar dubh i Meiriceá nó ar liopard dubh san Áise agus san Afraic. Tugtar ‘taibhse na foraoise’ ar an Pantar Dubh, mar úsáideann sé a dhath dorcha chun á cheilt ó ainmhithe eile agus é ag fiach go ciúin san oíche. Tá éisteacht an-ghéar aige achomh maith le radharc géar na súl agus gjall láidir chun cabhrú leis a chuid bia a chogaint. Tá an pantar dubh iontach ag an snámh agus ag dreapadh na gcrann agus is féidir leis léim suas le 20 troigh chun a gcreach a ghabháil. I measc a chuid creiche tá ainmhithe móra cosúil le moncaithe agus fianna, agus ainmhithe beaga cosúil le coiníní agus éin.

Tráth na gCeist maidir leis na gCat Móra

An féidir leat ainm a chur leis na cait go léir thíos? Beidh na freagraí le fáil in eagrán na seachtaine seo chugainn de Pictiúir Cainte,

Big Cats quiz

Can you name them all ?



An bhfaca tú riamh aon cheann de na cait seo i bpáirc zú nó fiadhúlra nó san fhiántas? Nó b'fhéidir i do theach féin!

An gceapann tú gur smaoineamh ciallmhar é barróg a thabhairt dá leithéid cait?

Cén sórt fuaimé a dhéanann siad, dar leat?

Cén fáth a bhfuil dathanna agus marcálacha éagsúla orthu?

Cén fáth go bhfuil guairí leicinn ag gach ceann acu?

Cad a itheann siad don dinnéar, dar leat?

Cad iad na tíortha ina gcónaíonn siad, dar leat?

Cé acu an ceann is scanrúla?

Cén ceann is fhearr leat?

Zú Taos Salainn

Déanaimis ár ndeilbh ainmhithe féin a dhéanamh as taos salainn. Is éasca taos salainn a dhéanamh as na hábhair atá agat sa bhaile. D'fhéadfása dealbh a dhéanamh den chat móir is fhearr leat!

Oideas:

1 chupán/250g plúr bán

1/2 cupán/125g salann

1/2 cupán uisce/thart ar 125ml




Na céimeanna:

1. Agus duine fásta ag cabhrú leat, déan an t-oigheann a théamh go dtí an leibhéal is ísle dó agus líneáil tráidire báclá le pár báclá.
2. Measc an plúr agus an salann le chéile i mbabhla móir. Cuir an t-uisce leis agus corraigh é go dtí go dtagann sé le chéile i liathróid.
3. Aistrigh an taos go dromchla oibre plúraithe agus déan á chruthú de réir an mhúnla atá roghnaithe agat. Maidir leis an gcleachtadh seo táimid ag déanamh ainmhithe, ach is féidir leat á rolladh amach agus cruthanna, uimhreacha nó litreacha a ghearradh amach ag baint úsáide as gearrthóirí brioscáí; nó múnla a dhéanamh pé cineál ar bith ar féidir leat smaoineamh air.
4. Cuir na hearraí críochnaithe ar an tráidire báclá líneáilte agus iarr ar an duine fásta atá ag cabhrú leat iad a mbácáil ar feadh 3 uair an chloig nó go dtí go mbhfuil siad crua.

5. Fág ag fuarú iad agus, nuair a bhíonn siad réidh, déan iad a mhaisiú le péint nó le marcóirí póstaeir.
6. Nuair a bheidh sé críochnaithe agat, d'fhéadfá grianghraif de do chuid ainmhithe a thógáil amuigh faoin aer san fhiáine. Bain taitneamh as!

Rogha: d'fhéadfá cóta vearnais a phéinteáil os cionn na péinte triomaithe chun an dath a dhéanamh níos buaine.





Zú Taos Salainn, grianghraf agus gníomhaíocht ag: Rosie Roccaforte
<http://www.roseroccaforte.com/blog/salt-dough-zoo-saltdoughzoo>

Foinse na bhfíricí maidir leis an bPantar Dubh: 'Fun Black Panther Facts for Kids'
<https://www.sciencekids.co.nz/sciencefacts/animals/panther.html#:~:text=Black%20panthers%20have%20good%20hearing,very%20easily%2C%20especially%20at%20night.>

Ba bhreá linn a chloisteáil faoi do chuid scéalta agus do shaothair ealaíne a spreagadh ag Talking Pictures! Déan á roinnt linn ar Facebook, Instagram agus Twitter agus úsáid á baint as #crawfordartgalleryhomelife.